Tionscadail Leasa Choitinn
Comhairliúchán Poiblí

An Bord Pleanála

- Is iad Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) príomhthionscadail bonneagair fuinnimh a aithníonn an Coimisiún Eorpach mar chabhair chun margadh fuinnimh comhtháite a chruthú san Aontas Eorpach. Gheofar faisnéis ar PCInna ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag an nasc thíos:

    - http://ec.europa.eu/energy/en/topics/infrastructure/projects-common-interest

- Ainmníodh an Bord Pleanála mar an tÚdarás Inniúil maidir le PCInna in Éirinn. Is treoir é do phróiseas na PCInna Lámhleabhar na Nósanna Imeachta Próisis um Dheonú Ceada maidir le PCInna a fhoilsíonn údarás inniúil gach tíre. Sa 2014, d'fhoilsigh an Bord Pleanála (An tAonad PCInna) an Lámhleabhar ina cháil mar an t-údarás áitiúil. Gheofar an Lámhleabhar ag an nasc thíos:

    - http://www.pleanala.ie/publications/2014/pocimanual.pdf

- Tá an Bord Pleanála (an tAonad PCInna) ag cur tús le hathbhreithniú ar an Lámhleabhar. Tá aighneachtaí agus tuairimí maidir leis an Lámhleabhar á lorg ag an mBord Pleanála (An tAonad PCInna) mar chuid den athbhreithniú sin.

- Ba chóir aighneachtaí agus tuairimí ar leasuithe ar an Lámhleabhar a chur isteach chugainn i ríomhphost chuig s.grant@pleanala.ie tráth nach déanaí ná an Mháirt, 20 Márta, 2016.

- Cuir san áireamh go bhfoilseofar ar ár suíomh gréasáin gach aighneacht agus tuairim a chuirfear isteach mar chuid den phróiseas poiblí comhairliúcháin. Cuir san áireamh, leis, go mbeidh feidhm le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (2014).